Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11749/20**

**TRANS 457**
**FIN 734**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10810/20 TRANS 395 FIN 619 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "EU transport infrastructures: more speed needed in megaproject implementation to deliver network effects on time" [Bonneagair iompair an Aontais Eorpaigh: níos mó luais de dhíth agus meigeathionscadail á gcur chun feidhme chun éifeachtaí gréasáin a chur ar fáil in am].<br>- Conclúidí ón gComhairle (12 Deireadh Fómhair 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, dar teideal 'Bonneagair iompair an Aontais Eorpaigh:Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘EU transport infrastructures: more speed needed in megaproject implementation to deliver network effects on time’ [*Bonneagair iompair an Aontais Eorpaigh: níos mó luais de dhíth agus meigeathionscadail á gcur chun feidhme chun éifeachtaí gréasáin a chur ar fáil in am*], mar a d’fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici ar an 12 Deireadh Fómhair 2020.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

***"Bonneagar iompair an Aontais:***

***níos mó luais de dhíth agus meigeathionscadail á gcur chun feidhme chun éifeachtaí gréasáin a chur ar fáil in am"***

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. Tugann SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Bonneagair iompair an Aontais Eorpaigh: níos mó luais de dhíth agus meigeathionscadail á gcur chun feidhme chun éifeachtaí gréasáin a chur ar fáil in am".

2. TUGANN SÍ DÁ hUÍDH go ndéantar measúnú sa Tuarascáil ar an gcaoi a n-áirithíonn an Coimisiún go bhfuil "Bonneagair Shuaitheanta Iompair" ar ghréasán TEN-T pleanáilte agus éifeachtúil, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE ag an am céanna nach cuid den chreat reachtach reatha lena rialaítear gréasán TEN-T é coincheap na mBonneagar Suaitheanta Iompair.

3. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2017 maidir leis an dul chun cinn i ndáil leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) don iompar a chur chun feidhme, inar athdhearbhaigh an Chomhairle tiomantas na mBallstát gréasán TEN-T a chur chun feidhme, agus d'iarr sí go gcuirfeadh na tairbhithe uile tionscadail chun feidhme go tráthúil[1].

4. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé, do phaisinéirí agus do lastas araon, an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an gcóras iompair ina iomláine. Ós amhlaidh atá, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a mhéid a rannchuidíonn na tionscadail iniúchta leis an aistriú i dtreo modhanna iompair níos éifeachtúla agus ísealcharbóin, le haghaidh a thabhairt ar scroigeanna agus deireadh a chur le naisc atá in easnamh ar chonairí an chroíghréasáin, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR dá bhrí sin a thábhachtaí atá siad chun feabhas a chur ar nascacht chroíghréasán iompair an Aontais agus chun na tairbhí iomlána a bhaint as gréasán dea-fheidhmiúil.

---

[1] 15425/17

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá tacaíocht airgeadais an Aontais chun gréasán TEN-T a fhorbairt i gcoitinne, rud a chuideoidh le rannpháirtíocht fhadtéarmach a áirithiú agus le timpeallacht chobhsaí a chruthú do chur chun feidhme an togra. Thairis sin, CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR éifeacht thábhachtach ghiarála na tacaíochta airgeadais ón Aontas, thar chlárthréimhse leantach, maidir le cinnteoireacht agus go háirithe maidir le cur chun feidhme tionscadal lena dtugtar aghaidh ar na príomhnaisc atá in easnamh agus ar na scroigeanna móra.

6. TUGANN SÍ DÁ hUÍDH go bhfuil tréimhse ama na tréimhse airgeadais CAI níos giorra i gcomparáid leis an tréimhse ama is gá chun tionscadail bhonneagair ar mórscála a chur chun feidhme.

7. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil tionscadail ar nós na dtionscadal a ndearnadh iniúchadh orthu sa Tuarascáil Speisialta, go háirithe nuair is tionscadail trasteorann iad, an-chasta a mhéid a bhaineann le méid, pleanáil theicniúil agus airgeadais, agus cur chun feidhme, ionas nach mór go mbeadh dlúthchomhar leanúnach ann idir na geallsealbhóirí éagsúla sna Ballstáit lena mbaineann, (tuairimí polaitiúla agus poiblí san áireamh freisin).

8. Is MÓR AICI rannpháirtíocht thiomanta an Choimisiúin i gcur chun feidhme gréasáin TEN-T agus AITHNÍONN SÍ iarrachtaí an Choimisiúin úsáid a bhaint as uirlisí agus acmhainní éagsúla atá ann cheana chun tacú leis na Ballstáit agus tionscadail bhonneagair iompair á gcur i gcrích acu.

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na moltaí ón gCúirt a díríodh chuig an gCoimisiún agus AG MEABHRÚ DI an méid a baineadh amach roimhe seo maidir le cur chun feidhme TEN-T, agus MOLANN SÍ don Choimisiún pleanáil fhadtéarmach níos fearr a chur chun cinn bunaithe ar an reachtaíocht reatha agus forbairt bhreise na reachtaíocht sin.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí agus conclúidí na Tuarascála maidir le cumas iomlán oibríochtúil na dtionscadal arna n-iniúchadh faoi 2030, na huirlisí pleanála a úsáideadh lena n-ullmhú amhail réamhaisnéis tráchta agus anailís costais is tairbhe, éifeachtúlacht a gcur chun feidhme agus ról maoirseachta an Choimisiúin, agus MEABHRAÍONN SÍ na barúlacha agus na freagairtí ábhartha éagsúla arna gcur ar fáil ag na Ballstáit agus tionscnóirí tionscadail do CIE chun sonraí áirithe a nochtar sa Tuarascáil a shonrú agus a shainiú ar bhealach níos fearr.

11. Tagann sí le tuairim an Choimisiúin sa Tuarascáil Speisialta, go háirithe i dtaca leis an méid seo:

– freagairt an Choimisiúin ar chumas oibríochtúil na dtionscadal arna n-iniúchadh faoi 2030 agus na sonraí arna dtabhairt maidir leis an staid mar atá i gcur chun feidhme na dtionscadal aonair;
– an dúshlán a ghabhann le costais agus moilleanna tionscadal bunaithe ar réamhstaidéir a chur i gcomparáid, i gcás ina raibh raon feidhme agus/nó dearadh na dtionscadal fós faoi réir athruithe suntasacha, go háirithe mar gheall ar chomhairliúcháin phoiblí agus ar mheasúnuithe tionchair ar an gcomhshaol;
– na bearta darb aidhm a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as an mbonneagar nuathógtha agus as an maoiniú poiblí dá réir – amhail leibhéil réamhaisnéise tráchta nó anailísí costais is tairbhe, a nuashonraítear le himeacht ama i gcás tionscadail bhonneagair ar an mórscála seo bunaithe ar anailís tosaigh agus i gcomhréir le hathruithe a d’fhéadfaí a dhéanamh ar an raon feidhme nó ar na ceanglais theicniúla;
– maoiniú ón Aontas a áirithiú go luath sa phróiseas, rud a chuireann éifeacht ghiarála thábhachtach ar fáil maidir le tosaíocht a thabhairt agus maoiniú a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal náisiúnta, agus a mheabhrú gur cheart go gcomhlíonfadh aon chistiú a dhéanfar ar na tionscadail mhóra sin forálacha an Rialacháin Airgeadais agus an Rialacháin maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, nach soláthraíonn aon tosaíocht chistiúcháin réamh-leithdháilte agus tiomnaithe do na mórthionscadail sin.